

Chuig gach scoil

Fógra maidir le tacaíochtaí maoinithe Caipitíochta Covid-19

Mar is eol duit, tá maoiniú breise a bhaineann le Covid-19 á sholáthar do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna aitheanta sa scéim shaoiroideachais i gcónaí chun tacú leo maidir le hathoscailt iomlán shábháilte ar bhealach inbhuanaithe, agus an riosca a bhaineann le Covid-19 a íoslaghdú ag an am céanna. Tá maoiniú Caipitíochta Covid-19 breise €119 milliún curtha ar fáil go dtí seo.

Leanadh de bheith ag íoc na ngnáthdheontas a bhaineann le caipitíocht in 2020 agus 2021 chomh maith. Rinneadh é seo chun a chur ar chumas na mBord Bainistíochta Foireann Choimhdeach a choinneáil ar a bPárollaí agus chun costais reatha scoile eile a íoc.

Tá an t-athbhreithniú ar mhaoiniú Covid-19 a cuireadh ar fáil i dTéarma 1 curtha i gcrích ag an Roinn agus is féidir léi a dhearbhú, d'fhonn tacú le scoileanna leanúint ar aghaidh ag oibriú go sábháilte agus an riosca go scaipfead Covid-19 a íoslaghdú le linn Téarma 3, go gcuirfead an tríú babhta maoinithe Chaipitíochta Covid-19 arb é an ceann deireanach é don scoilbhliain 2020/21 ar fáil faoi lár mhí an Mheithimh.

Cáileoidh Iar-Bhunscoileanna san Eanáil a ghearrann Táillí ar éirigh lena n-iaratas ar mhaoiniú caipitíochta Covid-19 i dtéarmaí roimhe seo le haghaidh maoinithe i dTéarma 3 go huathoibríoch.

Ríomhfar íocaíochtaí deontais ag úsáid na rátaí per capita céanna a bhí i bhfeidhm maidir le Téarma 2 agus déanfar coigeartuithe ar na rátaí sin chun an tréimhse dúnta scoile idir 6^ú Eanáir agus an dara seachtain i mí Feabhra a léiriú nuair a cuireadh tús le hathoscailt chéimnithe na scoileanna.

Deontais Chaipitíochta COVID-19 Téarma 3 - Rátaí in aghaidh an dalta		
Bunscoileanna	Príomhshruth	Ranganna Speisialta/Scoil Speisialta
Glanadh Feabhsaithe	€21.00	€25.67
TCP	€15.00	€60.00

Nóta: Tá deontais a íoctar le scoileanna a bhfuil rollú cothrom le 60 dalta nó níos lú acu bunaithe ar rollú íosta 60 dalta.

Deontais Chaipitíochta COVID-19 Téarma 3 - Rátaí in aghaidh an dalta		
Iar-bhunscoileanna	Príomhshruth	Ranganna Speisialta
Glanadh Feabhsaithe	€11.00	€13.33
TCP	€24.00	€96.00
Maoirseacht Fheabhsaithe	€35.00	€35.00

Nóta: Tá deontais a íoctar le scoileanna a bhfuil rollú cothrom le 200 dalta nó níos lú acu bunaithe ar rollú íosta 200 dalta.

Tá rátaí an deontais mar atá thuas agus moltar do scoileanna féachaint ar chiorcláin 0045 agus 0046/2020 a foilsíodh ar shuíomh Gréasáin na Roinne i mí Iúil 2020 ag <https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gn%C3%ADomhacha/?pageNumber=4> chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an gcaoi a n-úsáidtear na deontais seo.

Tá tuilleadh eolais maidir le rátaí agus íocaíochtaí deontais ar fáil in Aguisín A mar seo a leanas:

- Rátaí Deontais Coigeartaithe, chun dúnadh scoileanna i dTéarma 2 a chur san áireamh, le húsáid ag scoileanna ar mhaith leo luach na ndeontas a gheobhaidh siad a mheas
- Samplaí léiritheacha de luach na ndeontas seo atá iníoctha le scoileanna de mhéideanna éagsúla.

Féadfaidh scoileanna leanúint ar aghaidh ag úsáid maoinithe a chuirtear ar fáil trí réimse na ndeontas éagsúla chun sreabhadh airgid leordhóthanach a chinntiú ag amanna áirithe. Mar sin féin, caithear ioncam agus caiteachas a thaifeadadh i gcuntais na scoile agus a chur síos do na deontais ar leith de réir mar is cuí. Meabhraítear do scoileanna a chinntiú go ndéantar stoic a bhainistiú agus a sholáthar go hiomchuí chun ró-stocáil soláthairtí a sheachaint. Déantar é seo chun a chinntiú go bhfuil luach ar airgead á bhaint amach agus chun cur amú a sheachaint.

Ba chóir do scoileanna aon deontas a bhaineann le Caipitíocht Covid-19 na Scoilbhliana 20/21 nach bhfuil caite a thabhairt ar ais chuig cuntas bainc na Roinne trí aistriú leictreonach cistí faoi 30^ú Meán Fómhair 2021. Ba chóir lóisteáil amháin a dhéanamh a chumhdaíonn na deontais go léir (Glanadh Feabhsaithe, TCP, Cúnamh agus Maoirseacht Fheabhsaithe mar is cuí).

Ba chóir do scoileanna sonraí faoi na cistí atá á gcur ar ais a sheoladh chuig an Roinn trí ríomhphost, ach amháin iad sin in Earnáil na mBOO.

Ceanglófar ar BOOanna freisin aon chistí nár caitheadh ar a gcuid scoileanna a thabhairt ar ais chuig Cuntas bainc na Roinne. Déanfaidh Rannóg Pearsanra Airgeadais agus Riaracháin BOO tuilleadh teagmhála le gach Ceannoifig BOO sna laethanta amach romhainn chun faisnéis bhreise faoi na socruithe don earnáil BOO a thabhairt dóibh.

Tá tuilleadh sonraí maidir leis na socruithe seo ar fáil in Aguisín B.

Arís, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair atá ar siúl ag pobail na scoileanna go leanúnach agus iad ag déileáil leis na dúshláin a bhaineann leis an riosca go scaipfeadh COVID-19 sna scoileanna a theorannú. Is mór ag an Roinn tiomantas, tacaíocht agus comhoibriú gach baill de phobal na scoileanna agus iad ag cinntiú go bhfuil na bearta rialaithe ionfhabhtaithe a chuirtear i bhfeidhm de réir phleananna freagartha scoile COVID-19 éifeachtach chun go mbeidh scoileanna ina n-áiteanna sábháilte do leanaí agus don fhoireann.

Is mise, le meas,

Deirdre Shanley
Rúnaí Cúnta

Rátaí Deontais Coigeartaithe (chun dúnadh scoileanna i dTéarma 2 a chur san áireamh) le húsáid ag scoileanna ar mhaith leo luach na ndeontas a gheobhaidh siad le haghaidh Téarma 3 den Scoilbhliain 20/21 a mheas

Bunleibhéal	Ráta	
	Príomhshruth	Feabhsaithe
Glanadh	€17.20	€21.00
TCP	€12.30	€49.00
Iar-bhunleibhéal	Ráta	
	Príomhshruth	Feabhsaithe
Glanadh	€9.00	€10.90
TCP	€19.60	€78.40
Maoirseacht Fheabhsaithe	€22.20	€22.20

Samplaí léiritheacha de luach na ndeontas seo atá iniúctha le scoileanna de mhéideanna éagsúla

Bunscoileanna		
Luach Deontas Caipitíochta Covid-19 - Ráta Príomhshrutha - Téarma 3 Scoilbhliain 20/21		
Clárú Daltaí	Glanadh	TCP
Suas le 60	€1,032	€738
100	€1,720	€1,230
200	€3,440	€2,460
400	€6,880	€4,920
600	€10,320	€7,380

Bunscoileanna Speisialta		
Luach Deontas Caipitíochta Covid-19 - Ráta Príomhshrutha - Téarma 3 Scoilbhliain 20/21		
Líon na Múinteoirí	Glanadh	TCP
1	€1,260	€2,940
2	€1,302	€3,038
3	€2,016	€4,704
4	€2,730	€6,370
5	€3,444	€8,036
6	€4,137	€9,653
7	€4,788	€11,172
8	€5,418	€12,642
9	€5,712	€13,328
10	€6,405	€14,945
11	€7,098	€16,562
12	€7,791	€18,179
13	€8,484	€19,796
14	€9,177	€21,413
15	€9,870	€23,030
16	€10,563	€24,647

Iar-bhunscoileanna			
Luach Deontas Caipitíochta Covid-19 - Ráta Príomhshrutha - Téarma 3 Scoilbhliain 20/21			
Clárú Daltaí	Glanadh	TCP	Maoirseacht
Suas le 200	€1,800	€3,920	€4,440
400	€3,600	€7,840	€8,880
600	€5,400	€11,760	€13,320
800	€7,200	€15,680	€17,760
1,600	€14,400	€31,360	€35,520

LE COINNEÁIL LE HAGHAIDH ÚSÁIDE MÁ SHEOLTAR DEONTAIS A BHAINNEANN LE COVID-19 NÁR
CAITHEADH AR AIS CHUIG AN ROINN OIDEACHAIS

AISIÓCAÍOCHTAÍ COVID SONRAÍ LE HÚSÁID AG BUNSCOILEANNA (seachas Pobalscoileanna Náisiúnta), MEÁNSCOILEANNA DEONACHA, POBALSCOILEANNA AGUS SCOILEANNA CUIMSITHEACHA		
Sonraí Chuntas Banc na Roinne	Ainm an bhrairse	Danske Bank, 3 Plas Mháistir an Chuain, Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta, Baile Átha Cliath 1, D01 K8F1
	Ainm an chuntais	PMG Gen Remittance
	Uimhir chuntais	10001155
	Cód sórtála	95-15-99
	BIC	DABAIE2D
	IBAN	IE16 DABA 9515 9910 0011 55
Teachtaireacht/fotheideal le húsáid don chuntas a bhfuil an íocaíocht á lóisteáil ann	COVIDREFUND agus Uimhir Rolla Scoile díreach ina dhiaidh m.sh. COVIDREFUND31245A	
Seoladh ríomhphoist ar chóir sonraí na gcistí atá á gcur ar ais a sheoladh chuige	covidrefundsdf@education.gov.ie	
Sonraí le cur san áireamh sa ríomhphost	a) Líne an ábhair - Uimhir Rolla na Scoile agus COVIDREFUND ina dhiaidh sin b) Méid iomlán atá á thabhairt ar ais c) Ainm agus Uimhir Fóin chun críocha teagmhála	
AISIÓCAÍOCHTAÍ COVID SONRAÍ LE HÚSÁID AG BOIRD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA		
Sonraí Chuntas Banc na Roinne	Ainm an bhrairse	Danske Bank, 3 Plas Mháistir an Chuain, Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta, Baile Átha Cliath 1, D01 K8F1
	Ainm an chuntais	PMG Gen Remittance
	Uimhir chuntais	10001155
	Cód sórtála	95-15-99
	BIC	DABAIE2D
	IBAN	IE16 DABA 9515 9910 0011 55
Teachtaireacht/fotheideal le húsáid don chuntas a bhfuil an íocaíocht á lóisteáil ann	COVIDREFUND agus díreach ina dhiaidh sin túslitreacha an BOO ábhartha m.sh. COVIDREFUNDCMETB, COVIDREFUNDMSLETB	
Seoladh ríomhphoist ar chóir sonraí na gcistí atá á gcur ar ais a sheoladh chuige	financialetb@education.gov.ie	
Sonraí le cur san áireamh sa ríomhphost	Déanfaidh Rannóg Pearsanra Airgeadais agus Riaracháin an BOO tuilleadh teagmhála le gach Ceannoifig BOO sna laethanta amach romhainn chun faisnéis bhreise faoi na socruithe d'earnáil an BOO a thabhairt dóibh.	

